

Clár

Caibidil 1

- 1.0 Réamhrá**
- 1.1 Cúlra**
- 1.2 Treoracha maidir le hUllmhú Scéime**
- 1.3 Próiseas Comhairleoireachta agus Grúpa Oibre**
- 1.4 Monatóireacht na Scéime**
- 1.5 Achoimre ar Spriocanna na Scéime**
- 1.6 Misean na hOllscoile**
- 1.7 Rialú na hOllscoile agus Bainistiú Acadúil**
- 1.8 Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin**
- 1.9 Seirbhís Aistriúcháin**
- 1.10 Áiseanna**
- 1.11 Scoláireachtaí**
- 1.12 Dáta Tosaigh na Scéime**

Caibidil 2

- 2.1 Soláthar Sheirbhísí / Imeachtaí na hOllscoile**
- 2.2 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal**
- 2.3 Seirbhísí Dáttheangacha atá ar fáil**
- 2.4 Aonaid / Ionaid / Oifigí ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga ghnó**
- 2.5 Seirbhísí Gaeltachta**
- 2.6 Aonaid / Ionaid / Oifigí arb í an Ghaeilge an príomhúrlabhra iontu**
- 2.7 Aonaid / Ionaid / Oifigí arb é an Béarla an gnáthúrlabhara iontu**

Caibidil 3

- 3.1 Cumarsáid Inmheánach**
- 3.2 Cumarsáid Sheachtrach**
- 3.3 Na Meáin Chumarsáide**
- 3.4 Teicneolaíocht na Faisnéise**
- 3.5 Seirbhísí Lárnacha do Mhic Léinn**
- 3.6 Oiliúint**
- 3.7 Foilseacháin**

Caibidil 4

Monatóireacht na Scéime

DRÉACHTSCÉIM TEANGA – ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA

Coláiste na hOllscoile Corcaigh – Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

CAIBIDIL 1

1.0 Réamhrá

Is de réir Cuid 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”) a chuir Coláiste na hOllscoile Corcaigh – Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, an Scéim seo le chéile.

Baineann Cuid 11 le hullmhú scéime reachtúla ag eagraíochtaí stáit ina leagtar síos na seirbhísí a sholáthrófar:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla

agus a bhfuil beartaithe ag an eagraíocht lena chinntiú go soláthrófar - laistigh de thréimhse ar leith ama - trí mheán na Gaeilge, aon seirbhís nach bhfuil ar fáil go fóill trí mheán na Gaeilge.

1.1 Cúlra

Osradharc

Bunaíodh Coláiste na hOllscoile Corcaigh mar Ollscoil na Banríona Corcaigh sa bhliain 1845. Sa bhliain 1908 tugadh aitheantas dó mar Choláiste Ollscoile de chuid Ollscoil na hÉireann agus, faoi Acht na nOllscoileanna 1997, ainmníodh é mar chomhcholáiste de chuid Ollscoil na hÉireann. Cuireann COC cúrsaí fochéime agus iarchéime ar fáil a bhaineann leis na Daonnachtaí agus leis na hEolaíochtaí Sóisialta, le Gnó, leis na hEolaíochtaí agus leis an Teicneolaíocht, chomh maith le cúrsaí gairmiúla sa Leigheas, sa Déidliacht, sa Chogaisíocht, san Altracht, sna Teiripí Cliniciúla, sa Dlí agus san Innealtóireacht. Glacann an taighde ról lárnach i saol na hOllscoile, institiúid ina bhfuil líon mór ionad taighde. Tá Institiúid Náisiúnta Tyndall, Institiúid Taighde na mBitheolaíochtaí, Ionad Náisiúnta Biteicneolaíocht an Bhia, Ionad na gCogasbhitheach Cothaitheach, An Institiúid um Thaighde Comhshaoil agus Ionad Taighde na Sláinte Béil cuir i gcás.

Mic Léinn

Tá COC ar an dara ollscoil is mó sa Stát. Chláraigh suas le 16,000 mac léinn don bhliain acadúil 2004/2005. Chomh maith leis seo, tá 2,000 mac léinn ag gabháil do chúrsaí san Aosoideachas Leanúnach san Ollscoil féin agus in ionaid eile ar fud na Mumhan. Cé gur Éireannaigh iad formhór na mac léinn, is mic léinn idirnáisiúnta iad thart ar 12% díobh; a shíolraíonn ó 70 tír éagsúil. Tá breis is 12,600 mac léinn fochéime san Ollscoil agus níos mó ná 3,000 mac léinn iarchéime.

Forbairt an Champais

Tá an Ollscoil tar éis tabhairt faoi chlár cuimsitheach forbartha. I measc na bhforbairtí tá:

- Ionad Sláinte Ghort an tSrutháin;
- Áras na Cogaisíochta;
- Áras Uí Rathaille (Na Daonnachtaí agus An Tráchtáil);
- Áras na Mac Léinn;
- Ionad Spóirt na Díge;
- Áiléar Glucksman;
- An Institiúid um Thaighde Comhshaoil;
- Institiúid na mBitheolaíochtaí.

Is é an bonn teagaisc agus taighde seo is cúis le seasamh láidir, nua-aimseartha na hOllscoile. Leis na forbairtí caipitil seo, tá ar chumas na hOllscoile tabhairt faoi chlár uailmhianach deich mbliana de dhul chun cinn agus d'fhorbairt straitéise.

1.2 Treoracha maidir le hUllmhú Scéime

Déanann Cuid 12 den Acht cúram d'ullmhú Treoracha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus dá n-eisiú chuig eagraíochtaí poiblí mar chabhair dóibh agus scéim teanga á dréachtadh acu. Dréachtadh an Scéim seo de réir na dtreoracha céanna sin.

Ar an 16 Meán Fómhair, de réir Cuid 13 den Acht, trí fhógraíocht i nuachtáin náisiúnta Bhéarla agus Ghaeilge, d'iarr An Ollscoil uiríll ar pháirtithe ar suim leo an t-ábhar maidir le hullmhú dréachtscéim na coda 11.

Fuarthas aighneachtaí ó na heagraíochtaí agus ó na daoine seo a leanas:

- Gaelscoileanna;
- Conradh na Gaeilge;
- Oifig Forbartha Gaeilge, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge;
- Daithí Mac Carthaigh, Uachtarán Chonradh na Gaeilge.

Cuireadh na haighneachtaí seo san áireamh i gcur le chéile na dréachtscéime, chomh maith le moltaí ó bhail foinne, ó mhic léinn agus ó pháirtithe leasmhara eile. Tá na bail foinne curtha ar an eolas i dtaobh impleachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus thug Suíomh Idirlín Acht na dTeangacha Oifigiúla de chuid na hOllscoile fóram dóibh le moltaí nó smaointe dá gcuid féin a chur faoi bhráid na hOllscoile. Is mór ag an Ollscoil an t-am agus an iarracht atá caite ag daoine leis an bpróiseas seo.

1.3 Próiseas Comhairleoireachta agus Obair Ghrúpa Oibre Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Bunaíodh Grúpa Oibre ardleibhéil le scéim a dhréachtadh a chuirfí faoi bhráid Ghrúpa Bainistíochta na hOllscoile. Bail de bhainistíocht shinsearach na hOllscoile ó Oifigí agus ó Ranna éagsúla a bhí sa ghrúpa seo. Chuaigh an Grúpa Oibre i gcomhairle le réimse

leathan páirtithe le tuiscint agus le tiomantas i leith chur i bhfeidhm na cáipéise a chinntiú. Is iad baill an Ghrúpa Oibre ná:

- Donnchadh Ó hAodha, Bainisteoir Áras na Mac Léinn;
- Pól Ruiséal, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha;
- Con O'Brien, Rúnaí Acadúil;
- Mark Poland, Stiúrthóir na bhFoirgneamh agus na nÉastát;
- Mary Mc Sweeney, Oifigeach Airgeadais;
- Mary Ward, Bainisteoir Oiliúna agus Forbartha;
- Michael Farrell, Rúnaí Riaracháin (Cathaoirleach).

Dhein an Grúpa Oibre iniúchadh ar chumas na mball foirne a gcuid gnó a chur i gcrích trí mheán na Gaeilge, ba chuma léamh nó scríobh a bheith i gceist. Bhí tionchar ag an eolas a fionnadh ar chuspóirí áirithe a leag an Grúpa Oibre amach ar feadh na 3 bliana tosaigh den Scéim.

1.4 Monatóireacht na Scéime

Is ar Ghrúpa Bainistíochta na hOllscoile agus ar an nGrúpa Monatóireachta, faoi mar a rianaítear i gCuid 4.1, a bheidh an dualgas maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim. Tá an Scéim bunaithe ar na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí mheán na Gaeilge. Aithnítear, i gcroí na Scéime, seirbhísí a bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu amach anseo. Áirítear leis gealltanais chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge, chomh maith lena chinntiú go ndéanann an Ollscoil forbairt ar a cumas chun freastal ar an éileamh seo ar bhonn pleanáilte agus comhtháite.

Déanfar an t-éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a mheas trí mhonatóireacht a dhéanamh ar líon na bhfiosruithe agus na n-iarratas ábhartha agus trí iniúchadh leanúnach ar an éileamh le cabhair ceistneoirí agus le modhanna oiriúnacha eile.

1.5 Achoimre ar Spriocanna na Scéime

Tugann na cuspóirí, a leagtar amach i gCaibidil 3 den cháipéis seo, léargas ar na spriocanna ar mhian leis an Ollscoil a bhaint amach laistigh de thréimhse na Scéime seo. Baineann na spriocanna seo leis an gcumarsáid inmheánach agus seachtrach, le teicneolaíocht na faisnéise, leis na meáin chumarsáide, le seirbhísí lánacha agus mac léinn, le hoiliúint foirne le go dtreiseofaí éifeacht na Scéime agus le foilseacháin Ollscoile a bhfuil sé i gceist iad a chur ar fáil go dátheangach i rith thréimhse na Scéime.

1.6 Misean na hOllscoile

Is é misean Choláiste na hOllscoile Corcaigh ná faisnéis a chruthú, a chothú agus a chraobhscaoileadh chun go gcuirfí leas cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocht phobal na Mumhan, phobal na hÉireann agus phobal an domhain chun cinn.

Déanann COC an misean seo a chomhlíonadh trí:

- teagasc ag an leibhéal fochéime agus iarchéime;
- forbairt a dhéanamh ar thaighde agus ar an scoláireacht;

- tacaíocht a thabhairt do ranna acadúla a bhaineann le hábhair ar leith agus do réimsí éagsúla thaighdí ildhisciplíneacha a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu;
- baill foirne ardoilte ag gach leibhéal a earcú, a choinneáil agus a chothú;
- mic léinn dhíograiseacha agus féinspreagtha a mhealladh ó Éirinn agus ó thíortha thar lear;
- maoiniú taighde agus teagaisc a lorg ar fhoinsí éagsúla;
- teagasc agus foghlaim ar champas ina bhfuil spiorad pobail cruthaithe tríd an muintearas agus an comhtháthú;
- páirt a ghlacadh sa bhforbairt reigiúnda agus náisiúnta;
- bainistiú éifeachtach ar acmhainní;
- comhpháirtíocht éifeachtach le hinstitiúidí oideachais eile, le heagraíochtaí gnó, cultúrtha agus gairmiúla sa réigiún, in Éirinn agus sa domhan mór.

An Plean Straitéiseach

Is i mí Iúil na bliana 2000 a d'fhoilsigh Coláiste na hOllscoile Corcaigh Plean Straitéiseach don tréimhse 2000-2005. *Agenda for Excellence* a bhí mar theideal ar an bplean agus leag sé béim ar thiomantas d'ardchaighdeán teagaisc agus taighdí thar réimse leathan ábhar: disciplíní nua a dhíríonn ar riachtanais chomhaimseartha agus riachtanais nuaghinte, chomh maith le disciplíní atá seanbhunaithe. Dhírigh an plean ar an taithí teagaisc agus ar an taithí ghinearálta ag leibhéal na fochéime mar mhodh le dul i bhfeidhm ar na mic léinn i dtreo is go mbeidh scileanna riachtanacha an tsaoil acu agus go ndéanfaidh siad forbairt ar a mbuanna féin. Dhírigh an plean leis ar fhorbairt chlár fhiúntacha iarchéime a mbeadh tóir ag mic léinn ardchumais orthu.

Ba é sprioc an phlean ná féachaint chuige go mbeadh COC mar chéad rogha ag mic léinn Éireannacha agus ag mic léinn coigríche. Leagadh béim ar phlean reigiúnda COC agus tugadh le tuiscint go raibh institiúid le cruthú a bheadh dírithe níos mó fós ar an bhfreagrúlacht, ar an bhfiontraíocht agus ar an bhfoghlaim i dtreo is go bhféadfaí freastal ar riachtanais shóisialta i gcomhpháirt leis na hinstitiúidí eile sa réigiún.

Ó thaobh na Gaeilge de, is é a deirtear sa phlean ná:

“Cuireann Acht na nOllscoileanna (1997) in iúl go bhfuil cur chun cinn ‘teangacha oifigiúla an Stáit, go mórmhór caomhnú, cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge, chomh maith le caomhnú agus cur chun cinn chultúir éagsúla na hÉireann’ i measc cuspóirí Ollscoile. Tá sé de dhaingeanaidhm ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh an cuspóir seo a chur i gcrích agus tá sé mar pholasáí ag an Ollscoil ‘an Ghaeilge a chur chun cinn i saol laethúil na hOllscoile, i measc na mac léinn agus na mball foirne.’”

1.7 Rialú na hOllscoile agus Bainistiú Acadúil

Tá an córas bainistíochta agus an tslí a bhfuil an Ollscoil eagraithe á n-athdhearadh i dtreo is go mbeidh ar chumas na hOllscoile dul i ngleic leis na dúshláin a eascróidh as earnáil tríú leibhéal a bhíonn de shíor ag fás agus a bhfuil iomaíocht ghéar ag baint léi.

Maidir le struchtúr rialaithe na hOllscoile, is ag an gCoiste Rialaithe atá an t-údarás is airde. Tá daichead ball ar an gCoiste, ionadaithe thar ceann bhall foirne, thar ceann na mac léinn agus ionadaithe ó eagraíochtaí seachtracha. Bíonn sé de dhualgas ar Chomhairle Acadúil na hOllscoile féachaint i ndiaidh gnóthaí acadúla, cúram a ndéanann an Coiste Rialaithe athbhreithniú air. I measc bhaill na Comhairle Acadúla tá Ollaimh, Oifigigh de chuid na hOllscoile, Cinn Roinne, Baill Foirne Acadúla ainmnithe ag dámha agus ag mic léinn. Tá Buanchoistí éagsúla de chuid na Comhairle Acadúla a cheapann polasaithe le cur faoi bhráid na Comhairle: polasaithe a bhaineann le riachtanais mac léinn, le forbairt churaclaim, le taighde, le forbairt na foirne acadúla, leis an staidéar iarchéime idirdhámha agus leis an oideachas idirnáisiúnta.

Leis an athdhearadh a dhéanfar ar an Ollscoil, beidh ceithre choláiste ann:

- Na hEalaíona, An Léann Ceilteach agus Na hEolaíochtaí Sóisialta;
- Tráchtáil agus Dlí;
- Leigheas agus Sláinte;
- Eolaíocht, Innealtóireacht agus Eolaíocht Bhia.

Beidh Ceann Coláiste i bhfeighil bainistiú ar gach ceann díobh.

Is ar an nGrúpa Bainistíochta Ollscoile (GBO) atá cúram bhainistíocht laethúil na hOllscoile: is é sin forbairt agus cur i bhfeidhm polasaithe agus gnáthamh, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na hinstitiúide. Is é an tUachtarán atá mar Chathaoirleach ar an GBO, grúpa atá comhdhéanta d'Oifigigh Ollscoile a mbíonn dualgais fhairsinge orthu agus de Chinn Coláiste.

1.8 Seirbhísí ata ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

Is iad na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil ná na cinn atá leagtha amach ag Statúid Bhord na Gaeilge (Statúid XCV, CXL) agus sa cháipéis polasaí “Cur chun cinn na Gaeilge i Saol an Choláiste” (1996) de chuid COC. Is é Ionad na Gaeilge Labhartha a chuireann polasaí an Bhoird i bhfeidhm, agus is é misean an Ionaid ná:

- an Ghaeilge a chur chun cinn i ngnáthshaol COC agus i ngnáthshaol na hÉireann de réir fhorálacha Acht na nOllscoileanna (1997), de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus de réir Chomhaontú Bhéal Feiriste (1998);
- cúrsaí sa Ghaeilge Labhartha agus sa Ghaeilge Fheidhmeach a thairiscint, i COC agus sa Ghaeltacht, d'fhoghlaimoirí ar gach leibhéal líofachta;
- a chur ar chumas dhaoine feidhmiú i dtimpeallacht dhátheangach agus tacaíocht a thabhairt don timpeallacht sin ina bhfuil greasáin, scéimeanna agus imeachtaí cultúrtha Gaeilge;
- go mbeadh an taighde agus an dea-chleachtas mar bhunús leis an bpróiseas foghlamtha agus sealbhaithe teanga.

I measc na seirbhísí teanga tá seacht gclár déag teanga, m.sh. cláir fochéime, iarchéime, sainchuspóra, riaracháin, cainte, iriseoireachta, scileanna ríomhaireachta agus scileanna gairmiúla eile. Tá tríocha rang lae, fiche rang oíche agus thart ar deich gcúrsa saineiúla

eile á gcur ar fáil i COC, sa Ghaeltacht agus thar lear. Múineann fiche múinteoir páirtaimseartha, deichniúr aoiléachtóirí agus seisear d'fhoireann lárnach an Ionaid thart ar sheasca grúpa éagsúil foghlaimoírí laistigh de bhliain acadúil amháin. Bíonn fiche aoichainteoir eile páirteach sna sé chúrsa is fiche deireadh seachtaine a réachtáiltear san Ionad Gaeltachta i nDún Chíomhain.

Mar thaca leis na seirbhísí teanga tá timpeallacht dhátheangach spreagúil as a n-eascraíonn mórán deiseanna leis an nGaeilge a úsáid i ngnáthshaol an Choláiste. Is é Ionad na Gaeilge Labhartha a cheapann agus a riarann na scéimeanna, greasáin agus imeachtaí teanga. Deintear an obair seo ar bhonn gairmiúil agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile. Glacann tuairim is 1,500 duine páirt sna himeachtaí cultúrtha a chuireann an tIonad ar fáil.

Cuirtear suas le tríocha cúrsa ar fáil gach bliain i nDún Chíomhain i nGaeltacht Chorca Dhuibhne:- seimineáir teanga, cúrsaí gairmiúla i scileanna feidhmeacha agus Scéim na dTeaghlach do bhaill foirne a thugann cuid de shaoire an tsamhraidh sa Dún. Réachtáiltear cuid de na cúrsaí seo i gcomhar leis na Ranna Acadúla.

1.9 Seirbhís Aistriúcháin

Cuireann fochoiste foirmeálta de chuid Bhord na Gaeilge seirbhís theoranta aistriúcháin ar fáil. Is i gcomhpháirt le hOifig na bhFoirgneamh, leis an gClólann, leis na Ranna, leis na hAonaid agus leis na hIonaid a chinntítear gur fógraí dátheangacha a bhíonn le feiscint. Cuirtear leaganacha Gaeilge ar fáil de cháipéisí agus de ghearrthuairiscí eile, nó fiú codanna díobh, go mórmhór iad sin a bhaineann le hOifig an Uachtaráin, le hOifig an Chláraitheora agus leis na Ranna Acadúla. Is minic a loirgíonn eagraíochtaí stáit sheachtracha eile atá lonnaithe i gCúige Mumhan comhairle maidir le nithe a bhaineann leis an dátheangachas. Tá sé i gceist go ndéanfar forbairt ar an seirbhís seo. Ba é an chéad chéim i bhforbairt agus i bhforleathnú na seirbhíse ná ceapachán de Theagascóir – Aistritheoir i nDeireadh Fómhair na bliana seo. Tugtar léiriú níos cuimsithí ar na seirbhísí agus ar na scéimeanna lárnacha thíos.

1.10 Áiseanna

An Seomra Caidrimh

Bíonn an Seomra Caidrimh ar fáil do bhaill foirne COC mar sheomra foirne. Úsáidtear leis é mar sheomra ranga, mar ionad tionóla, mar léachtlan phoiblí agus mar ionad ceoil agus rince. Buaileann thart ar 200 duine isteach chuig an Seomra Caidrimh ar bhonn rialta.

Dún Chíomhain

Bíonn éileamh leanúnach ar Dhún Chíomhain, ionad Gaeltachta COC. Réachtáiltear sé chúrsa is fiche ann gach bliain. Cuirtear dianchúrsaí dhá lá ar siúl do mhuintir na Gaeltachta agus do ghrúpaí gairmiúla, m.sh. baill foirne ó Fheidhmeannacht Sláinte an Deiscirt. Tá saotharlann nua ríomhaireachta curtha i bhfearas agus é ullamh i gcomhair úsáideoirí.

Caitheann thart ar fhiche teaghlach foirne agus baill foirne aonair tréimhsí bliantúla sa Dún, bíodh dhá lá nó seachtain i gceist. Tuairim is 500 duine ar fad a fhanann sa Dún le linn na tréimhse acadúla agus le linn an tsamhraidh.

1.11 Scoláireachtaí

Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta

Glacann thart ar 150 mac léinn páirt i Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta. Reáchtáiltear an scéim seo i mí Aibreáin agus arís i Mí Mheán Fómhair. Tuairim is fiche teaghlach a chuireann lóistín ar fáil do na mic léinn a ghlacann páirt sa scéim. Chomh maith leis na gnáthimeachtaí cultúrtha oíche a bhíodh ann riamh, tá tús curtha le seisiúin maidne le go ndéanfaidh na mic léinn teangmháil níos dlúithe leis an dteanga bheo agus le cultúr bríomhar na Gaeltachta. Is nós é ceistneoirí a dháileadh ag deireadh an chúrsa agus léiríonn an fhreagraíocht gur mór an taitneamh agus an tairbhe a bhaineann mic léinn as na seisiúin foghlama agus as na himeachtaí cultúrtha.

Scoláireacht an Ionad Cónaithe Gaeilge

Tá seisear áitritheoir is fiche ag cur fúthu san Ionad Cónaithe Gaeilge. Tugann Bord na Gaeilge urraíocht don scéim seo trí scoláireachtaí, ar fiú €400 an ceann iad, a bhronnadh. Bronntar an scoláireacht seo ar na mic léinn agus bliain acadúil iomlán tugtha acu san Ionad.

Gradam na Gaeilge

Tugann Banc na hÉireann urraíocht do Ghradam na Gaeilge, gradam a bhfuil luach €1,000 ag baint leis. Bronntar an gradam seo ar an mac léinn, nó ar na mic léinn, is mó a chuireann an Ghaeilge chun cinn i saol an choláiste i rith na bliana.

Scéim na Scol

Is cuid den chaidrimh idir scoileanna lánGhaeilge agus an Ollscoil é an chuairt a thugann painéal de thriúr aoichainteoirí ar scoileanna lánGhaeilge. Glacann naonúr cainteoir is fiche páirt sa scéim, naonúr mac léinn ina measc. Tugtar cuairt ar dheich scoil nó mar sin. Tá sé cinn de na scoileanna seo suite i nGaeltachtaí na Mumhan.

1.12 Dáta Tosaigh na Scéime

D'fhaomh an tAire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim. Cuirfear an Scéim i bhfeidhm ón 14 Mí na Nollag ar aghaidh, go ceann trí bliana nó go dtí go bhfaomhóidh an tAire scéim eile, faoi mar atá leagtha amach i gCuid 15 den Acht - pé ceann is luaithe.

CAIBIDIL 2

2.1 Soláthar Seirbhísí / Imeachtaí na hOllscoile

2.1.1 Seirbhísí Acadúla

Is iad An Leabharlann agus Na Seirbhísí Ríomhaireachta na Príomhsheirbhísí Acadúla:

- Tá glactha le mórinfheistiú caipitil sa Leabharlann faoin PRTL. Treiseofar misean taighde na Leabharlainne leis seo. Cuirfear feabhas suntasach ar áiseanna léitheoireachta do mhic léinn iarchéime, ar ábhair taighde agus ar áiseanna theicneolaíocht faisnéise.
- Is iontach an dul chun cinn atá déanta ag an Lárionad Ríomhaireachta sa tslí is go bhfuil teacht shaoráideach ag mic léinn ar ríomhairí:- tá méadú ó 120 go 570 tagtha ar líon na ríomhairí atá ar fáil go saoráideach do mhic léinn. Tugadh faoi fhorbairt a dhéanamh agus tacaíocht a chur ar fáil do na córais ríomhaireachta a bhaineann leis an Acmhainn Daonna, leis an Airgeadas agus le Taifead na Mac Léinn.

2.1.2 Seirbhísí Mac Léinn

Tá an-thuiscint ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh ar riachtanais na mac léinn agus is mór léi freastal ar na riachtanais chéanna. I measc na bhforbairtí a deineadh le déanaí tá:

- críoch curtha leis an síneadh a deineadh ar Áras na Mac Léinn, áit ina bhfuil caifé idirlín, seomraí cruinnithe agus réimse leathan seirbhísí mac léinn;
- Ionad Spóirt faoi dhíon, ar a dtugtar Ionad Spóirt na Díge, ina bhfuil linn snámha 25 mhéadar ar fhaid;
- feabhas curtha le timpeallacht na hOllscoile; tionscnamh a chosain €4.5 milliún. Sintiúis phríomháideacha a mhaoinigh an obair seo.

Tá teacht ar réimse leathan áiseanna spóirt faoin aer, rud a chinntíonn go ndéantar freastal ar chluichí spóirt de gach saghas. Saol bríomhar a bhíonn ag baill na gcumann agus na gclubanna mar, ní hamháin go ndéanann mic léinn forbairt phearsanta ach, bíonn an deis acu aithne a chur ar dhaoine eile. Tá éirithe thar barr ag COC i gcomórtais idir-ollscoile náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I measc na seirbhísí mac léinn a sholáthraítear tá seirbhís treoir gairme, seirbhís iostais, seirbhís sláinte agus seirbhís chomhairleoireacht mac léinn. Tugtar tacaíocht chuimsitheach do mhic léinn míchumais. Tá cláir tacaíochta mac léinn curtha sa tsiúl ag Dámha áirithe a thugann cúnaimh díreach do mhic léinn, go mórmhór mic léinn na chéad bhliana.

Is grúpa thar a bheith gníomhach iad Aontas Mac Léinn COC a chuireann seirbhísí ar fáil do gach uile mhac léinn. Tá triúr Oifigeach Shabóideacha ag an Aontas a bhfuil leas na

mac léinn mar chúram orthu: cúrsaí oideachais, cumarsáide agus foilseacháin is mó a bhíonn i gceist. Tá Oifigeach nach bhfuil ar shos sabóideach a fheidhmíonn ar son na n iarchéimithe. Is iad na hOifigigh seo a labhrann thar ceann na mac léinn uile ag cruinnithe Choistí agus Bhoird na hOllscoile, An Coiste Rialaithe agus An Chomhairle Acadúil san áireamh. Cinntíonn seo go nglacann na mic léinn páirt sna cinnidh a deintear ag gach leibhéal den Ollscoil agus léiríonn sé leis go n-dtugann an institiúid cluas le héisteacht do mhic léinn i ngnóthaí a bhaineann leo.

2.2 Modhanna cumarsáide leis an bPobal

Is iad na príomhmhodhanna a mbaineann An Ollscoil leas astu chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal ná:

Cáipéisí a bhaineann le dualgais reachtúla
Preasráitis
Foilseacháin
Suíomhanna Idirlín
Bróisiúir agus Billeoga Eolais

Foilseacháin / Modhanna Cumarsáide trí Ghaeilge agus trí Bhéarla

Tuarascáil an Uachtaráin
Na Cuntais Bhliantúla
Tuarascáil Bhliantúil Bhord na Gaeilge
An Cháipéis Polasaí ar an Dátheangachas

Foilseacháin / Modhanna Cumarsáide trí Bhéarla amháin

Tuarascálacha Inmheánacha / Tuarascálacha nach mbíonn moltaí um pholasaí iontu
Lámhleabhair Cuid 15 agus Cuid 16 faoi réir Shaoráil Faisnéise
Statúidí na hOllscoile
Tuarascálacha um Dheimhniú Cáilíochta

2.3 Seirbhísí Dátheangacha atá ar fáil faoi láthair

Is ón mbliain 1973 ar aghaidh atá polasaí foirmeálta leagtha amach ag COC maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Déanann An Coiste Rialaithe athbhreithniú agus uasdátú ar an bpolasaí seo go tráthúil (féach Cuid 2 thíos ‘Cruthú Timpeallacht Dhátheangach’). Tá an polasaí faoi iamh sa Scéim mar Aguisín 3.

Is iad Bord Gaeilge agus Ionad Gaeilge Labhartha COC a thugann tacaíocht do réimse leathan tionscnamh i dtreo is go nglacfaidh An Ghaeilge páirt lárnach i saol na hOllscoile. Is iad na cuspóirí atá leagtha amach sa pholasaí dátheangach ná:

Dá mb’fhéidir é, go n-eagrofaí imeachtaí sóisialta, gur gnáthach Gaeilge a labhairt iontu, don fhoireann agus do mhic léinn (imeachtaí a bhféadfaí cuireadh a thabhairt d’oifigigh agus do riarthóirí an Choláiste teacht go dtí ceann díobh, ar a laghad). Mar ghnás, d’fhéadfaí na himeachtaí seo a eagrú ar bhonn roinne nó ar bhonn grúpaí atá ann cheana.

As seo amach go gcoimeádfaidh an Coiste Rialaithe an prionsabal os comhair a n-aighe go mba chóir ranna a dheineann cuid nó iomlan a gcuid oibre trí Ghaeilge a shuíomh ar chónagar a chéile i dtreo go mbeidh timpeallacht nádúrtha dhátheangach sa Choláiste agus go mbeidh an Seomra Caidrimh ar fáil do na ranna seo agus do lucht labhartha na Gaeilge sa Choláiste.

Go mbeadh fógraí poiblí dátheangach, de ghnáth; ba chóir polasaí mionchruinn ina leith seo a oibriú amach idir Bord na Gaeilge agus na hOifigh sa Choláiste lena mbaineann sé. Go leanfaí den pholasaí atá ann i láthair na huaire go soláthraítear gach stáiseanóireacht sa Choláiste le mírchinn dátheangacha. Ba chóir do Bhord na Gaeilge dul i gcomhairle leis na hOifigigh lena mbaineann an scéal maidir le

- a) áiseanna a chur ar fáil i dtreo go bhféadfadh mic léinn clárú trí Ghaeilge,*
- b) riar foirmeacha riaracháin Coláiste dátheangacha a chur ar fáil,*
- c) cuid chuí d'fhógraí poiblí an Choláiste a bheith as Gaeilge,*
- d) an bhéim a bheith i gcónaí ar chruinneas teanga.*

Go rachadh Bord na Gaeilge i gcomhairle leis na hoifigigh lena mbaineann an scéal sa choláiste, leis an gcuspóir go réiteofaí an bóthar chun an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha in ionaid faoi leith de ghnó an Choláiste (mar shampla – An Leabharlann, Oifig an Chláraitheora, An Malartán Teileafón, Oifig na bhFiosrúchán).

Go ndéanfaí neartú agus forbairt ar scéim an Ionaid Chónaithe Gaeilge.

Go smaoineofaí ar scéim bhliantúil duaiseanna a bhunú dóibh siúd, i measc na mac léinn agus an fhoireann riaracháin nó na foirne eile, is mó a thugann faoi thionscainh fhiúntacha le húsáid na Gaeilge Labhartha a leathnú i saol an Choláiste.

Go rachadh Bord na Gaeilge i gcomhairle le Aontas na Mac Léinn agus leis an gCuallacht féachaint conas a d'fhéadfaí cabhrú leo i dtionscnamh faoi leith (m.sh. Seachtain na Gaeilge / Spraioi Cois Laoi).

2.4 Aonaid, Ionaid, Oifigí ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga ghnó

Tá thart ar chéad cainteoir Gaeilge ar fhoireann na hOllscoile agus iad lonnaithe in oifigí éagsúla. Is minic a bhíonn deis ag na daoine seo an Ghaeilge a labhairt i gcaitheamh an lae oibre ar chúis amháin nó ar chúis eile. Tá ainmneacha roinnt mhaith de na cainteoirí céanna sonraithe san eolaire gutháin inmheánaigh.

Spregann Ionad na Gaeilge Labhartha daoine chun an Ghaeilge a labhairt, agus tarlaíonn sé go mbíonn an Ghaeilge á labhairt go minic ag baill foirne sna háiteanna seo a leanas:

<u>Riarachán</u>	<u>Acadúil</u>
- Oifig an Leas-Uachtaráin	- An Léann Ceilteach
- Ionad na Rúnaithe	- An Cheimic
- Oifig an Chláraitheora	- Eolaíocht Ríomhaireachta
- Oifig an Oideachais Idirnáisiúnta	- An tOideachas

- | | |
|--|--|
| - An Leabharlann; Bailiúcháin Speisialta | - An Tíreolaíocht |
| - Seirbhísí Closamhairc | - An Innealtóireacht Shibhialta |
| - An Lárionad Ríomhaireachta | - An Béarla |
| - Áras na Mac Léinn/Raidió Campais | - An Stair |
| - An tAosoideachas Leanúnach | - Teicneolaíocht an Bhia |
| - An Lárionad Teanga | - An Fhraincis |
| - Na hIonaid NMR | - Na Staidéir Easpáinneacha |
| - Ombudsman na Mac Léinn | - An Bhainistíocht agus An Mhargaíocht |
| | - An Phaiteolaíocht |
| | - An Fhisic |
| | - An Innealtóireacht Phróiseála |
| | - An Mhatamaitic |

2.5 Seirbhísí Gaeltachta

Féach ar Cuid 1.10 mar a ndéintear trácht ar Dhún Chíomháin.

2.6 Aonaid / Ionaid / Oifigí arb í an Ghaeilge an phríomhurlabhra iontu.

o Roinn na Nua-Ghaeilge

Ta seachtar leachtóirí ar fhoireann na ranna acadúla seo, an Ceann Roinne san áireamh. Cuireann Roinn na Nua-Ghaeilge cúrsaí éagsúla céime, diplóma agus teastais i dteanga agus i litríocht na Gaeilge ar fáil, m.sh. BA, MA, MPhil, PhD, Teastas sa Léann Gaelach agus Diplóma i dTeagasc agus i Litríocht na Gaeilge. Is féidir le mic léinn lánfhásta freastal ar chúrsa céime istoíche. Déintear stiúrá leis ar thaighde as a dtagann foilseacháin thábhachtacha éagsúla a bhaineann le Léann na Gaeilge.

o Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge

Cúigear leachtóirí atá ar an bhfoireann seo, Ceann na Roinne san áireamh. Bíonn baint ag an Roinn seo le dhá chlár céime: an BA sa Ghaeilge agus an BA sa Sibhialtacht Cheilteach. Déintear staidéar ar an Sibhialtacht Cheilteach i dteannta ábhair ealaíona eile le céim ealaíona a bhaint amach. Múintear an tSibhialtacht Cheilteach trí mheán an Bhéarla. Déanann an Roinn stiúrá ar thaighde a bhíonn mar bhunús le foilseacháin fhíorthábhachtacha i réimse na Sean- agus na Meán-Ghaeilge.

o Dámh an Léinn Ceiltigh

Is iad Ranna na Sean-, na Meán- agus na Nua-Ghaeilge príomhranna na Dáimhe. Is comhranna iad Roinn na Seandálaíochta, Roinn na Staire agus Roinn an Bhéaloidis agus na hEitneolaíochta. Cuireann an Dámh céim sa Léann Ceilteach ar fáil agus soláthraíonn sé leis acmhainní ar líne, m.sh. Leabharliosta Ceilteach,

LOCUS: Tionscnamh Logainmneacha na hÉireann, Innéacs d'fhocail Ghaeilge a ndeintear plé orthu in Irisí is rl. Tá oifig na Dáimhe lonnaithe in oifig comhrúnaíochta na Nua-Ghaeilge.

- **Roinn an Bhéaloidis**

Ón mbliain 1977 i leith tá Roinn an Bhéaloidis agus na hEitneolaíochta ag feidhmiú go neamhspleách agus baint aici le clár céime Dhámh na nEalaíon. Cuireann an Roinn dhá chlár ar fáil: An Léann Dúchais agus An Béaloideas. Cúigear atá ar fhoireann na Roinne.

- **Ionad na Gaeilge Labhartha**

1,600 mac léinn páirtaimseartha atá cláraithe in Ionad na Gaeilge Labhartha agus iad ag déanamh cúrsaí sa Ghaeilge Fheidhmeach nó sa Ghaeilge Labhartha. Cuireann an tIonad cúrsaí ar fáil, ag gach leibhéal líofachta teanga; i COC, sa Ghaeltacht agus sa Ghearmáin. Déanann fochéimithe, iarchéimithe, baill foirne COC agus baill an phobail freastal ar na cúrsaí seo. Cuireann na cúrsaí seo ar chumas foghlaimoirí bheith rannpháirteach sa tsaoil dátheangach: saol ina mbíonn gréasáin, scéimeanna agus imeachtaí cultúrtha. 1,600 mac léinn sa bhreis fós a ghlacann páirt sna himeachtaí cultúrtha céanna. Cuirtear cúrsaí teastais agus dioplóma sa Ghaeilge ar fáil a bhfuil creidiúnú acadúil ag dul leo.

- **Dún Chíomháin**

Is leis an Ollscoil an tigh seo atá suite i gcóngar do Bhaile an Fheirtéaraigh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Glacann thart ar 500 mac léinn páirt i 26 chúrsa gach bliain agus fanann timpeall is 20 teaghlach foirne sa Dún i rith an tsamhraidh chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Cuirtear cúrsaí ar fáil leis do mhuintir na Gaeltachta agus cuirtear oiliúint ar mhúinteoirí na gColaistí Samhraidh áitiúla. Is é Ionad na Gaeilge Labhartha a riarann An Dún. Is féidir le suas le 19 fanacht sa Dún in aon turas amháin agus tá saotharlann nua-aimseartha ríomhaireachta curtha i bhfearas ann le déanaí.

2.7 Aonaid / Ionaid / Oifigí arb é an Béarla an ghnáthurlabhra iontu. Féach Aguisín 1.

CAIBIDIL 3

Leagann an chaibidil seo síos na réimsí agus na seirbhísí a aithníonn an Ollscoil nár mhiste don Scéim seo díriú orthu. Leagtar síos cuspóirí i gcás gach aon cheann díobh agus ainmnítear an tAonad / Roinn a bhfuil sé de dhualgas orthu an cuspóir áirithe sin a chur i gcrích.

<i>Réimse</i>	<i>Cur Síos</i>	<i>Cuspóir</i>	<i>Gníomh</i>	<i>Faoi dheireadh bliana</i>
3.1 <i>Cumarsáid</i> <i>Inmheánach</i>				
<i>3.1.1</i> <i>UCC News</i>	Foilsíonn An Ollscoil iris nuachta uair sa mhí dar teideal 'UCC News' le baill foirne a choimeád ar an eolas.	Cinntefar go mbeidh alt nó mír nuachta amháin, ar a laghad, trí Ghaeilge i ngach eagrán.	An Roinn Margaíochta agus Cumarsáide, agus Ionad na Gaeilge Labhartha	1
<i>3.1.2</i> <i>Comharthaíocht</i>	Leis an bhforbairt ollmhór atá tagtha agus atá fós le teacht ar Champas na hOllscoile, beidh gá le straitéis comharthaíochta a chuireann na hathruithe seo san áireamh.	Tiocfaidh gach comhartha nua ar an bpríomhchampas, bíodh ainmneacha foirgneamh nó comharthaí treo i gceist, le riachtanais an Achta.	Oifig na bhFoirgneamh agus na nÉastát	2
<i>3.1.3</i> <i>Stáiseanóireacht</i>	Tá fómhá chorparáideach nua ag an Ollscoil. Beidh ar gach Roinn Ollscoile a stáiseanóireacht féin a athrú de réir an dearaidh nua.	Cinntefar go dtiocfaidh an stáiseanóireacht le riachtanais an Achta. Baineann seo le riarachán lárnach agus le gach Roinn.	Gach roinn acadúil agus riaracháin de chuid na hOllscoile.	2
<i>3.1.4</i> <i>Suirbhé Foirne</i>	Dhein Grúpa Oibre Acht na dTeangacha Oifigiúla suirbhé ar bhaill foirne na hOllscoile agus ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh, bíodh scríobh nó labhairt i gceist, trí mheán na Gaeilge.	Cruthófar agus cothófar leathanach idirlín ar a mbeidh liosta de bhaill foirne (agus de na Ranna lena mbaineann siad) atá sásta, agus a bhfuil ar a gcumas, gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.	An Lárionad Ríomhaireachta	1
3.2 <i>Cumarsáid</i> <i>Sheachtrach</i>				
<i>3.2.1</i> <i>An Malartán</i>	Is minic é an malartán an chéad phointe	Cuirfear an oiliúint chuí ar fhoireann an	Roinn na hAcmhainne	2

	teagmhála a bhíonn ag daoine leis an Ollscoil.	mhalartáin le go mbeannóidh siad do ghlaiteoirí i nGaeilge agus i mBéarla.	Daonna	
3.2.2 <i>Ionad Fáilte COC / An Príomhghceata / Experience COC – Pasáiste na gCloch</i>	Is é an tIonad Fáilte an chéad phointe teagmhála do chuairteoirí ar COC.	Cuirfear an oiliúint chuí ar an bhfoireann le go gcuirfidh siad fáilte roimh chuairteoirí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.	Roinn na hAcmhainne Daonna	
3.2.3 <i>Raidió an Champais</i>	Craolann Raidió an Champais cláir dírithe ar mhic léinn ollscoile agus ar phobal Chathair Chorcaí.	Déanfaidh Áras na Mac Léinn cinnte go craolfar clár amháin, ar a laghad, trí mheán na Gaeilge gach lá.	Áras na Mac Léinn	1
3.2.4 <i>Comhfhreagras</i>	Freagraí ar litreacha ríomhphoist agus ar ghnáthphost.	Cinntear gur sa teanga oifigiúil inar scríobhadh an litir a thabharfar an freagra.	Gach Oifig agus Roinn Ollscoile	1
3.3 Na Meáin				
3.3.1 <i>Preasráitis</i>	Eisíonn An Roinn Margaíochta agus Cumarsáide preasráitis i mBéarla.	Déanfar deimhin de go n-eiseofar leaganacha Gaeilge agus Béarla de na príomhphreasráitis.	An Oifig Margaíochta agus Cumarsáide, agus Ionad na Gaeilge Labhartha	2
3.3.2 <i>Urlabhraithe na hOllscoile</i>	Urlabhraithe na hOllscoile	Aimseofar na hurlabhraithe a bhfuil de chumas iontu labhairt ar son na hOllscoile leis na meáin Ghaeilge agus dáilfear an liosta seo ar eagraíochtaí Gaeilge ar bhonn bliantúil.	Bord na Gaeilge agus An Coiste Monatóireachta (Féach Caibidil 4)	1
3.3.3 <i>Naisc le Scoileanna Iarbhuoideachais</i>	Tá clár fairsing teagmhála ag an Ollscoil le scoileanna iarbhuoideachais na Mumhan.	Treiseofar an teagmháil idir an Ollscoil agus na Gaelcholáistí chomh maith leis na scoileanna sin a fheidhmíonn, go hiomlán nó go pointe, trí mheán na Gaeilge	Ionad na Gaeilge Labhartha agus Oifig an Chláraitheora.	2
3.4 Teicneolaíocht na Faisnéise				
3.4.1 <i>Suíomh Idirlín na hOllscoile</i>	Tá suíomh nua idirlín – a bhfuil an gnáthleagan amach agus gnáthdhearadh air - ag an Ollscoil a thagann anuas go leibhéal na Dáimhe.	Cinntear go mbeidh leagan Gaeilge agus Béarla de na leathanaigh céad agus dara leibhéil ar an suíomh idirlín. Ní bhaineann an fhoráil seo le cáipéisí a íoslódálar ó leathanaigh atá mar naisc.	An Roinn Margaíochta agus Cumarsáide	1
3.4.2 <i>Seoltaí Ríomhphoist na</i>	Seoltaí Ríomhphoist: Is é an leagan amach atá ag seoltaí	Cuirfear an leagan seo ar fáil do bhaill foirme: ainm@foireann.ucc.ie	An Lárionad Ríomhaireachta	2

<i>mBall Foirne</i>	ríomhphoist faoi láthair ná: name@ucc.ie			
<i>3.4.3 Seoltaí Ríomhphoist na Mac Léinn</i>	Níl leagan Gaeilge de sheoltaí ríomhphoist na mac léinn ar fáil faoi láthair.	Cuirfear an leagan seo a leanas ar fáil do mhic léinn: ainm@macleinn.ucc.ie	An Lárionad Ríomhaireachta	3
<i>3.4.4 Clárú Mac Léinn</i>	Is gnách don mac léinn féin teacht chun clárú a dhéanamh. Tá sé i gceist seirbhís chlárúithe ar líne a chur ar fáil do mhic léinn.	Beidh treoracha i nGaeilge agus i mBéarla mar chuid de thionscamm an chlárúithe ar líne agus beidh an rogha ag an mac léinn a chuid sonraí pearsanta a chur i nGaeilge nó i mBéarla.	Oifig an Chlárúitheora	2
3.5 Seirbhís Lárnacha do Mhic Léinn.				
<i>3.5.1 Oifig an Chlárúitheora</i>	Cuireann Oifig an Chlárúitheora seirbhísí acadúla lárnacha ar fáil do mhic léinn.	Cinntear, le linn thréimhse na Scéime seo, go bhfuil duine den bhfoireann in Oifigí an Chlárúitheora a bhíonn ag plé le riarachán mac léinn (is é sin Iontráil Mac Léinn, Taifid agus Scrúduithe Mac Léinn agus Oifig an Oideachais Idirnáisiúnta) ar fáil chun an gnó a dhéanamh, go cumasach, trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.	Oifig an Chlárúitheora	3
<i>3.5.2 Oifig na dTáillí</i>	Is cuid den Oifig Airgeadais í Oifig na dTáillí a bhíonn ag plé le gnóthaí a bhaineann le táillí mhac léinn. Is minic a bhíonn an Oifig seo ag plé le mac léinn aonair.	Cinntear, le linn thréimhse na Scéime seo, go mbeidh ar chumas duine d'fhoireann Oifig na dTáillí an gnó a dhéanamh go cumasach trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.	An Oifig Airgeadais.	3
<i>3.5.3 Leabharlann Boole</i>	Cuireann Leabharlann Boole seirbhísí iasachta agus eolais ar fáil do mhic léinn.	Cinntear, le linn thréimhse na Scéime seo, go mbeidh ball foirne ar fáil ag deasc na n-iasachtaí, a bhfuil ar a gcumas acu gnó a dhéanamh go héifeachtach trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.	Leabharlann Boole.	3
3.6 Oiliúint				
<i>3.6.1 Dianoiliúint / Gnáthoiliúint do bhaill foirne.</i>	Dhein an Grúpa Oibre suirbhé ar chumas na mball foirne gnó a dhéanamh trí mheán	Eagrófar agus soláthrófar dianchúrsaí agus gnáthchúrsaí oiliúna do bhaill foirne ar mhian leo	Ionad na Gaeilge Labhartha	2

	na Gaeilge, bíodh scríobh nó labhairt i gceist.	feabhas a chur lena scileanna Gaeilge. Is é Ionad na Gaeilge Labhartha a fhéachfaidh chuige seo.		
3.6.2 <i>Teanga Sainchuspóra</i>	Glacann an Grúpa Oibre leis go mbeidh gá ag baill foirne a bheidh i dteagmháil le mic léinn agus leis an bpobal le sainoiliúint.	Cuirfear cúrsaí sainchuspóra teanga ar fáil do bhaill foirne a chuirfidh ar a gcumas seirbhísí nó cuid de sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.	Ionad na Gaeilge Labhartha	2
3.7 Foilseacháin				
3.7.1 <i>Foilseacháin COC</i>	Foilsítear Tuarascáil an Uachtaráin agus na Cuntais Bhliantúla i nGaeilge agus i mBéarla.	Foilseofar leaganacha dátheangacha de na cáipéisí seo a leanas faid is atá an Scéim seo i bhfeidhm: Plean Straitéiseach na hOllscoile Eolaire do Mhic Léinn: Fáilte go COC.	Oifig an Chláraitheora	2

CAIBIDIL 4

4.0 Monatóireacht na Scéime

4.1

Beidh sé mar dhualgas ar Ghrúpa Bainistíochta na hOllscoile (GBO) monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim.

Déanfaidh Coiste Monatóireachta monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm na Scéime thar ceann Ghrúpa Bainistíochta na hOllscoile agus cuirfidh an Coiste seo tuairiscí faoi bhráid an Ghrúpa Bainistíochta.

Is iad na daoine seo a leanas a bheidh mar bhaill den Choiste Monatóireachta:

- An Leas-Uachtarán Acadúil (Cathaoirleach)
- 3 ball ainmnithe ag Bord na Gaeilge
- An Cláraitheoir agus An Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla
- Stiúrthóir na bhFoirgneamh agus na nEastát
- Stiúrthóir na hAcmhainne Daonna
- Oifigeach na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn

Imeacht struchtúrtha leanúnach a bheidh i monatóireacht na Scéime. Is é a bheidh i gceist ná:

- Monatóireacht ar líon na bhfiosruithe and na n-iarratas ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge agus ar an gcumas chun freastal éifeachtach a dhéanamh ar na hiarratais chéanna;
- Meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na hOllscoile maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa Scéim;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart ar leith in aghaidh an fráma ama comhaontaithe;
- Clár d'aistriú na bhfoilseachán a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gclár céanna;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chumas na hOllscoile chun an dualgas atá uirthi na seirbhísí a sholáthar don bpobal a chomhlíonadh;
- Monatóireacht a dhéanamh ar na bearta oiliúna atá leagtha amach maidir le cuspóirí na Scéime a bhaint amach
- Fiosrú a dhéanamh ar ghearáin agus moltaí a chur ar aghaidh.

4.2

Is iad na Cinn Roinne/Ionaid/Aonaid, den chuid is mó, a dhéanfaidh an mhonatóireacht laethúil sna réimsí thuasluaite.

Déanfar iniúchadh rialta chun an t-éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mheas agus chun a chinntiú go ndéanann An Ollscoil forbairt phleanáilte leanúnach ar an gcumas chun freastal ar an éileamh seo.

Ag deireadh na chéad Scéime trí bliana déanfaidh Grúpa Oibre athbhreithniú ar fheidhmíocht na hOllscoile maidir leis an Scéim. Beidh ar Ranna/Ionaid/Aonaid tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ar chomhlíon siad spriocanna na Scéime. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo measúnú ar a bhfuil bainte amach ag an Ollscoil, laistigh den fhráma ama, i dtaobh na mbeart a leagadh síos sa Scéim agus i dtaobh spriocanna leanúnacha.

4.3

Déanfar clár na Scéime so a fhógairt don phobal trí:

- Seoladh Oifigiúil na Scéime
- Preasráiteas
- Dáileadh na Scéime ar na hEagraíochtaí Stáit agus ar hEagraíochtaí cuí eile
- Suíomh idirlín COC
- Suímh Idirlín Bhord na Gaeilge / Ionad na Gaeilge Labhartha

4.4

Cnuasóidh agus foilseoidh an Grúpa Monatóireachta torthaí an athbhreithnithe i bhfoirm tuairisce a chuirfidh Grúpa Bainistíochta na hOllscoile faoi bhráid An Choiste Rialaithe. Is é a bheidh sa tuairisc ná eolas ar fheidhmíocht na hOllscoile i dtaobh na spriocanna atá leagtha amach sa Scéim seo. Ní mhíneofar an réiteach a mholfaí i gcásanna nach bhfuil éirithe leo na spriocanna seo a bhaint amach.

Aguisín 1

Aguisín 2

I. Cláir teanga ginearálta agus acadúla

1.	Fochéimithe, iarchéimithe agus mic léinn lánfhásta	120
2.	An Teastas Gaeilge do mhic léinn DIO	16
3.	Glanthosnaitheoirí:	
	i) JYA Mheiriceá, Erasmus, Socrates, Tempus	198
	ii) Mic Léinn EFL, An Lárionad Teanga	30
	iii) Ruhr Universität Bochum na Gearmáine	50
	iv) Mic Léinn Ollscoil Delaware	40
	v) Mic Léinn iasachta faoi chúram Oifig an Oideachais Idirnáisiúnta	62
4.	Mic Léinn Iarbhuoideachais faoi chúram na hOifige Rochtana	125
5.	An Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach (GA1041)	12
6.	An Dioplóma i bhFoghlaim Ríomhchuidithe na Gaeilge (GA1050)	06
7.	BCL Dlí le Gaeilge (GA2010)	06
8.	Scileanna Ríomhaireachta	
	i) Mic léinn	
	ii) Pobal na Gaeltachta	08
	iii) Comhlachas Bodhar Chorcaí	06
	iv) <i>Powerpoint</i> don Fhoireann	08
	v) Ceardlanna Blackboard/Feabhas um Theagasc don bhfoireann acadúil	90
9.	An Chéad Bhliain, Roinn na Nua-Ghaeilge	45
10.	i) Foireann COC	40
	ii) Foireann NMRC	20
	iii) Foireann an Ionaid	05
	iv) Oiliúint agus ionduchtas foirne	40
11.	Baill an Phobail (cúrsaí deich agus fiche seachtaine)	340
12.	Modhanna Múinte	
	i) dhá sheisiún	24
	ii) ceithre sheisiún (Coláistí Samhraidh)	103
13.	Cruinnscriobh na Gaeilge	15
	Cúrsa Iriseoireachta	28

Fo-Iomlán: 1,447

II. Gréasáin, scéimeanna, imeachtaí cultúrtha

1.	An tIonad Cónaithe Gaeilge	26
2.	Scéim na Scol	20
3.	Léachtaí Pobail, féilte, ceolchoirmeacha, fáiltithe, seoltaí leabhar	985
4.	Úsáideoirí rialta an tseomra chaidrimh 150	
5.	<i>Bridging the Gap</i>	80

Fo-Iomlán: 1,261

III. Cúrsaí Deireadh Seachtaine / Seirbhísí Gaeltachta

- | | | |
|----|--|-----|
| 1. | Mic léinn a fhreastlaíonn ar chúrsaí deireadh seachtaine nach n-áirítear thuas | 126 |
| 2. | Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta | 74 |
| 3. | Scéim teanga do theaghlaigh foirne | 70 |
| 4. | Seimineáir do bhaill Bhord Sláinte an Deiscirt | 40 |

Fo-iomlán: 310

Iomlán: 3,018

Aguisín 3 – Polasáí Dátheangachais Choláiste na hOllscoile Corcaigh